

Anailísí DC III

Tá VIATRIS (Mylan Teoranta) in Indreabhán ag lorg **Anailísí DC III** ar chonradh buan. Forbraíonn agus táirgeann VIATRIS (Mylan Teoranta) cógaisíocht in-insteallta.

I measc na ndualgas a bheidh ar an té a cheapfar beidh:

- Gnáththástáil ceimice crómatagrafach agus fliuch a dhéanamh ar amhábhair, ar phróisis, at tháirgí críochnaithe agus ar shamplaí cobhsaíochta, chomh maith le hathbhreithniú,
- Scrúduithe saotharlainne a chomhordú agus a mhaoirsiú lena chinntiú go gcomhlíontar iad go cuí, go ndéantar iad a thaifeadadh agus aon ghníomh ábhartha a thógáil,
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh feabhsaithe ar nós 6S agus próisis bharrainneacha don saotharlann.

Áirítear ar na cáilíochtaí a bheidh ag iarrthóirí:

- Céim Bhaitisiléara (nó a chomhionann) i ndisciplín bunaithe ar an Eolaíocht (Ceimic, Bithcheimic nó Eolaíocht Anailíseach) agus 5 – 7 mbliana taithí in earnáil ghaolmhar.
- Tá taithí HPLC riachtanach.
- Ábalta cáipéisí gnó a léamh agus a thuiscint ríthábhachtach, ábalta tuarascálacha agus cumarsáid ginearálta gnó a scríobh agus a bheith in ann oibriú le piaraí le scileanna maithe cumarsáide.
- Ábalta fadhbanna praiticiúla a réiteach trí réitigh caighdeánacha.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag https://mylan.taleo.net/careersection/myl_irejobs/jobdetail.ftl

Tá Celerant International Limited, Comhlacht Teicneolaíochta sna SA, ag lorg **Leabharchoimeádaí/ Teicneoir Cuntasaíochta**.

Post Lánaimseartha, 40 uair in aghaidh na seachtaine ag baile/cianoibriú

Bunaíodh Celerant International Limited in 2013 agus is fochuideachta

Éireannach atá ann faoin Celerant Technology Group

[<http://www.celerant.com>] www.celerant.com – comhlacht bogearraí faoi úinéireacht phríobháideach Meiriceánach.

Cruthaíonn agus bíonn siad ag dearadh réitigh miondíola ag tabhairt POS, Ríomhthráchtáil, CRM, oibríochtaí cúloifige agus margáíocht le chéile faoi bhunachar sonraí lárnach amháin.

An Ról: Is ón oifig baile atá an post seo lonnaithe rud a chiallaíonn go mbeidh an té a cheapfar ag tuairisciú chuig an bhfoireann Airgeadais in Nua Eabhrac agus ar fud na SA. Mar sin chaithfidh an té a cheapfar a bheith solúbtha maidir lena gcuid uaireanta oibre chun seirbhís a chur ar fáil agus freastal ar an 5 uair an chloig difríocht idir Éire agus Cósta Thoir SAM.

I measc na ndualgas a bheidh ar an té a cheapfar:

- Iontrálacha maidir le clárú, leabhar cúnata agus taifid a choinneáil.
- Mórleabhar ginearálta a uasdátú, a choinneáil agus a bhainistiú do chuntais míosúla/ráithiúil/ullmhú cuntas.
- Próisis agus polasaithe cuntasaíochta a leanúint agus a chur i bhfeidhm.
- Réitigh cuntais banc, féichiúnaithe agus creidiúnaithe.

Áirítear ar na cáilíochtaí agus scileanna a bheidh ag iarrthóirí:

- Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta.
- Ar a laghad 8 mbliana de thaithí i leabharchoimeád.
- Sárthaithí in Excel.

- Léargas an-mhaith ar leithéid Quickbooks, Xero, Sage TaxCalc.
- Teastas ICB Certificate nó Sainleas i Leabharchoimeád /
Leabharchoimeád agus Cuntasáocht nó a chomhionann.

Ag tosú Eanáir 2021

Tuarastal €30,000 – €35,000 atá ag dul leis an bpost.

Is féidir CV chomh maith le litir chumhdaigh a sheoladh chuig: ptuomey@orsasaiwai.com